2024/3158

13.12.2024

CINNEADH (AE) 2024/3158 ÓN gCOMHAIRLE

an 12 Nollaig 2024

lena gceaptar Ionchúisitheoir Eorpach d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') ([1]), agus go háirithe Airteagal 16 de,

Ag féachaint do Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696 ón gComhairle an 13 Iúil 2018 maidir le rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') ([2]),

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2023/133 ón gComhairle an 17 Eanáir 2023 lena gceaptar comhaltaí an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 ([3]),

Ag féachaint don tuairim réasúnaithe agus do rangú na n-iarrthóirí arna tharraingt suas ag an bpainéal roghnúcháin,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bunaíodh OIPE le Rialachán (AE) 2017/1939.

(2) Tá na hIonchúisitheoirí Eorpacha le himscrúduithe agus ionchúisimh a mhaoirsiú i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2017/1939.

(3) Deimhníodh rannpháirtíocht na Sualainne sa chomhar feabhsaithe maidir le bunú OIPE le Cinneadh (AE) 2024/1952 ón gCoimisiún ([4]).

(4) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696, leagtar síos rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 ('rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin').

(5) De bhun Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2017/1939, tá gach Ballstát rannpháirteach le triúr iarrthóirí ar phost an Ionchúisitheora Eorpaigh a ainmniú as measc iarrthóirí atá ina gcomhaltaí gníomhacha de sheirbhís ionchúisithe nó de bhreithiúnacht an Bhallstáit ábhartha, nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras agus a bhfuil na cáilíochtaí is gá acu lena gceapadh d'ardoifig ionchúisimh nó bhreithiúnach ina mBallstáit faoi seach, agus a bhfuil an taithí phraiticiúil acu ar chórais dlí náisiúnta, ar imscrúduithe airgeadais agus ar chomhar breithiúnach idirnáisiúnta in ábhair choiriúla.

(6) Tá triúr iarrthóirí ainmnithe ag an tSualainn.

(7) Dhréachtaigh an painéal roghnúcháin an tuairim réasúnaithe agus an rangú do gach duinede na hiarrthóirí a d'ainmnigh an tSualainn agus a chomhlíon na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2017/1939, agus chuir sé faoi bhráid na Comhairle iad an 15 Deireadh Fómhair 2024.

(8) De bhun an cheathrú mír de Riail VII.2 de rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin, rinne an painéal roghnúcháin na hiarrthóirí a rangú de réir a gcáilíochtaí agus a dtaithí. Cuirtear ord rogha an phainéil roghnúcháin in iúl leis an rangú sin agus níl sé ina cheangal ar an gComhairle.

(9) I gcomhréir le hAirteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2017/1939, tar éis di an tuairim réasúnaithe ón bpainéal roghnúcháin a fháil, tá an Chomhairle chun duine de na hiarrthóirí a roghnú agus a cheapadh ina Ionchúisitheoir Eorpach nó ina hIonchúisitheoir Eorpach de chuid an Bhallstáit rannpháirtigh lena mbaineann.

([1]) IO L 283, 31.10.2017, lch. 1.
([2]) IO L 282, 12.11.2018, lch. 8.
([3]) IO L 17, 19.1.2023, lch. 90.
([4]) Cinneadh (AE) 2024/1952 ón gCoimisiún an 16 Iúil 2024 lena ndeimhnítear rannpháirtíocht na Sualainne sa chomhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (IO L, 2024/1952, 18.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1952/oj).

(10) I gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán (AE) 2017/1939, tá an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach simplí, leis na hIonchúisitheoirí Eorpacha a roghnú agus a cheapadh ar feadh téarma neamh-inathnuaite 6 bliana.

(11) Mheasúnaigh an Chomhairle fiúntais na n-iarrthóirí faoi seach, agus an tuairim réasúnaithe a chuir an painéal roghnúcháin isteach á cur san áireamh.

(12) Ar bhonn measúnú ar fhiúntais na n-iarrthóirí faoi seach, lean an Chomhairle an t-ord rogha neamhcheangailteach a léirigh an painéal roghnúcháin do na hiarrthóirí a d'ainmnigh an tSualainn,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar an duine seo a leanas, arna ainmniú ag an tSualainn, ina Ionchúisitheoir Eorpach OIPE ar feadh tréimhse neamh-inathnuaite 6 bliana ón 14 Nollaig 2024:

Martin BRESMAN.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Nollaig 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

PINTÉR S.